An Roinn Oideachais
Department of Education

Nósanna Imeachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí le haghaidh Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta 2023

Márta 2023

Ullmhaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais
gov.ie/education

Clár Ábhair

Cúlra 3
Aidhm 3
Cad is Saoráid Chónaithe ann? 4
Cur Chuige Bainistíochta/Rialachais 4
Nósanna Imeachta maidir le Cosaint leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) 5
Grinnfhiosrúchán agus earcú pearsanra 6
Ceannairí na nDaltaí/Scoláirí 6
Polasaithe agus Nósanna Imeachta 7
Oiliúint 9
Daoine faoi Shainordú 9
Ábhar imní a thuairisciú 9
Rialachas agus grinnfhiosrúchán 11
Formhaoirsiú 11
Cigireachtaí a dhéanann Cigireacht na Roinne Oideachais 12
Aguisín 1: Seicliosta dearbhaithe cáilíochta chun tacú le socruithe um chosaint agus um chumdach leanaí i saoráidí cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta 13
Aguisín 2: Nóta comhairle eatramhach a eisítear do phríomhoidí scoileanna aitheanta a bhfuil saoráidí cónaithe bainteacha acu 16

Cúlra

Tá córas cuimsitheach i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais chun tacú le cur i bhfeidhm, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, riachtanais maidir le cosaint leanaí faoin *Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.*

Éilíonn an Roinn ar gach scoil a Nósanna Imeachta maidir le *Cosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a chur i bhfeidhm agus, trína Cigireacht, cinntíonn sí go gcomhlíontar príomhghnéithe Nósanna Imeachta *(athbhreithnithe 2023)* le linn gach cigireachta scoile.

De bhun an Achta um *Thús Áite do Leanaí 2015,* tá an Roinn ag cur nósanna imeachta nua i bhfeidhm chun dearbhuithe a chur ar fáil don Aire Oideachais go bhfuil nósanna imeachta soiléire agus comhsheasmhacha maidir le cosaint leanaí[1] i bhfeidhm i saoráidí[2] cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta.

Baineann an doiciméad seo le gach saoráid chónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta. D'fhéadfadh roinnt saoráidí cónaithe a bheith scartha ó scoileanna aitheanta ach meastar go bhfuil baint acu le scoileanna aitheanta mar, i mbeagnach gach cás, tá siad ag feidhmiú mar gheall ar an scoil aitheanta a bheith ann.

Ba chóir na nósanna imeachta breise seo a léamh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna Iar-Bhunscoileanna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna Iar-Bhunscoileanna *(athbhreithnithe 2023) agus* Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

AIDHM

Is é aidhm na nósanna imeachta seo ná bainistíocht na saoráidí cónaithe uile a chur ar an eolas faoi na ceanglais atá orthu agus an *tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* á chur i bhfeidhm acu agus a chinntiú go ndéanfar socruithe a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, lena n-áirítear Tús Áite do Leanaí: Tá Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, ar fud na saoráidí cónaithe ar fad.

[1]Is ionann cosaint leanaí agus an ghníomhaíocht a thugann cosaint do leanaí atá ag fulaingt nó ar dóigh dóibh a bheith ag fulaingt nó atá i mbaol díobhála mar thoradh ar mhí-úsáid, lena n-áirítear faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ghnéasach

[2] Tá Cosaint Leanaí níos leithne ná cumhdach leanaí agus baineann sé leis an leanbh a chosaint ar dhíobháil, a leas a chur chun cinn agus timpeallacht a chruthú a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

Cad is Saoráid Chónaithe ann?

Chun críocha an doiciméid seo, is é an sainmhíniú ar shaoráid chónaithe ná saoráid a chuireann cóiríocht ar fáil do scoláirí/ do dhaltaí ar an láthair. Tá saoráidí cónaithe ceangailte le scoil aitheanta nó bainteach léi agus feidhmíonn siad mar gheall ar an scoil aitheanta a bheith ann. Tugtar 'daltaí/scoláirí cónaithe' ar dhaltaí/scoláirí a bhaineann leas as saoráidí cónaithe de ghnáth.

De ghnáth, cuireann saoráidí chónaithe áiseanna codlata, seomra folctha, bia agus staidéir ar fáil. I roinnt saoráidí cónaithe, is féidir le daltaí/scoláirí cónaithe leas a bhaint as gníomhaíochtaí breise spóirt agus áineasa ach is faoi údarás bainistíochta na saoráide cónaithe atá an soláthar seo.

CUR CHUIGE BAINISTÍOCHTA/RIALACHAIS

Féadfaidh saoráid chónaithe feidhmiú faoi rialachas an bhoird bainistíochta atá ag scoil aitheanta. D'fhéadfadh sé feidhmiú freisin faoi údarás bainistíochta ar leith agus gan a bheith faoi réir mhaoirseacht bhord bainistíochta na scoile aitheanta.

Tábla 1: Struchtúir bhainistíochta i saoráidí cónaithe atá ceangailte le scoileanna aitheanta

Bainistíocht Aonair	Déanann an Bord Bainistíochta maoirseacht ar an scoil agus ar an tsaoráid chónaithe	Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) amháin don scoil aitheanta agus don tsaoráid chónaithe araon **nó**
		DIA ceaptha don scoil agus DIA ar leith ceaptha don tsaoráid chónaithe
Bainistíocht Ar Leith	Bord Bainistíochta na scoile agus údarás bainistíochta ar leith don tsaoráid chónaithe	DIA amháin don scoil aitheanta agus don tsaoráid chónaithe araon **nó**
		DIA ceaptha don scoil agus DIA ar leith ceaptha don tsaoráid chónaithe

Is é údarás bainistíochta na saoráide cónaithe atá freagrach as ball sinsearach lánaimseartha d'fhoireann na saoráide cónaithe a ainmniú mar an duine idirchaidrimh ainmnithe don tsaoráid chónaithe.

Tá sé de fhreagracht freisin ar údarás bainistíochta na saoráide cónaithe ball eile d'fhoireann lánaimseartha na saoráide cónaithe (ar a dtabharfar an Leas-DIA) a ainmniú chun freagrachtaí an DIA a ghlacadh, in éagmais an DIA.

Ní mór socruithe a bheith i bhfeidm ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leis an DIA/ Leas-DIA an t-am ar fad agus an tsaoráid chónaithe ag feidhmiú.

Sa chás go bhfuil DIA ceaptha don scoil agus DIA ar leith don tsaoráid chónaithe, ní mór socruithe a bheith i bhfeidhm chun cumarsáid chuí agus éifeachtúil a chinntiú idir na DIAnna, laistigh de theorainneacha cosanta sonraí agus RGCS trí chomhaontú i scríbhinn maidir le comhroinnt sonraí.

Nósanna Imeachta maidir le Cosaint leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)

De réir roinn 8.8.9 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*:

> Sa chás go gcuireann scoil aon ghníomhaíocht nó seirbhís iarscoile ar fáil dá daltaí ar nós áiseanna cónaithe, ba cheart di a chinntiú go bhfuil bearta leordhóthanacha um chosaint leanaí i bhfeidhm aici don ghníomhaíocht nó don tseirbhís sin agus go n-áirítear leo sin nósanna imeachta tuairiscithe soiléire chun a chinntiú go ndéantar aon imní faoi chosaint leanaí a eascraíonn as gníomhaíocht nó seirbhís den sórt sin a thuairisciú go pras do Tusla de réir na riachtanas ábhartha de Threoir Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 2017 agus den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Ba chóir go n-áireofaí i nósanna imeachta den sórt sin nósanna imeachta atá doiciméadaithe go soiléir chun a chinntiú go gcoinnítear DLP na scoile ar an eolas go cuí maidir le haon imní faoi chosaint leanaí a thagann chun cinn laistigh den ghníomhaíocht nó den tseirbhís lena mbaineann. De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, ní mór do mheasúnú riosca na scoile agus Ráiteas um Chumhdach Leanaí aon ghníomhaíocht nó seirbhís dá leithéid a chur san áireamh agus na rioscaí díobhála a aithníodh agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú a shonrú.

Ba cheart do shaoráidí/seirbhísí cónaithe tagairt shainráite a dhéanamh dá gcomhthéacs cónaithe mar chuid den rannán tosaigh dá Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ba cheart dóibh na rioscaí a bhaineann leis an tsaoráid chónaithe a dhoiciméadú sa mheasúnú riosca (féach Aguisín 2).

Is riachtanas de na nósanna imeachta seo nach mór do shaoráidí cónaithe cloí le riachtanais chuí na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).* Éilíonn an riosca ar leith a bhaineann le saoráidí cónaithe go gcloífear leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa cháipéis seo, *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí maidir le Saoráidí Cónaithe a bhaineann le Scoileanna Aitheanta.*

GRINNFHIOSRÚCHÁN AGUS EARCÚ PEARSANRA

Is ceanglas é faoi na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 agus 2016 go ndéanfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (an Biúró) grinnfhiosrúchán ar dhaoine a oibríonn le leanaí agus le daoine soghonta.

Soláthraíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanann an Biúró nochtadh grinnfhiosrúcháin ina leagtar amach sonraí taifid choiriúil nó aon phróiseas atá ar feitheamh (más ann dó) a bhaineann leis an duine atá á ghrinnfhiosrúchán. Féadfaidh sé ráiteas faisnéise sonraithe (más ann di) a sholáthar freisin, ar faisnéis í ar chinn Príomhoifigeach Biúró an Bhiúró gur cheart í a nochtadh. Níor cheart d'údarás bainistíochta saoráide cónaithe fostaíocht duine a thosú gan nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil ar dtús ón mBiúró i leith an duine sin. Leagtar amach i gCiorclán 0031/2016 na riachtanais reachtúla maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach fostaí scoile.

Taobh amuigh den phróiseas grinnfhiosrúcháin éigeantach, ba cheart d'údaráis bhainistíochta na saoráidí cónaithe a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta láidre i bhfeidhm chun teistiméireachtaí agus oiriúnacht gach ball foirne a sheiceáil sula dtosaíonn siad ar a ról sa tsaoráid chónaithe. Ba cheart nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun:

- a chinntiú go dtuigeann an fostaí luachanna[3], fís, aidhmeanna agus polasaithe na scoile, lena n-áirítear Polasaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí na scoile
- a chinntiú go bhfuil an fostaí soiléir faoi chaighdeáin agus teorainneacha gairmiúla maidir le cosaint agus caomhnú leanaí agus folláine na ndaltaí/scoláirí a chur chun cinn
- cur ar chumas an údaráis bainistíochta aon fhadhbanna nó deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cosaint agus caomhú leanaí a aithint go tapa

CEANNAIRÍ NA NDALTAÍ/SCOLÁIRÍ

In go leor áiseanna cónaithe, sanntar ceannairí na ndaltaí/scoláirí (lena n-áirítear cinnirí, daltaí/scoláirí cónaithe mar bhaill de chomhairle boird agus daoine eile a bhfuil róil cheannaireachta na ndaltaí/scoláirí acu) chun róil cheannaireachta éagsúla a chomhlíonadh sa tsaoráid chónaithe. Is féidir le cineál na ról ceannaireachta seo a bheith éagsúil ó shaoráid chónaithe amháin go ceann eile. I ngach cás ina bhfuil róil cheannaireachta na ndaltaí/scoláirí ann, ba cheart go mbeadh cód iompair i bhfeidhm ag údarás bainistíochta na saoráide cónaithe ina leagtar amach na teorainneacha agus na freagrachtaí a bhaineann le ról cheannaireachta na ndaltaí/scoláirí. Ní mór oiliúint atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chur ar fáil do cheannairí na ndaltaí/scoláirí, nuair a shanntar iad, sula dtosaíonn siad ar a ról. Ba chóir don oiliúint seo:

[3] Tá an focal 'fostaí' comhchiallach leis an bhfrása 'pearsanra na saoráide cónaithe'. Is téarma cineálach é an frása 'pearsanra saoráide cónaithe' mar a úsáidtear sna nósanna imeachta seo chun gach duine fásta a bhfuil baint acu le hoibriú na saoráide cónaithe a chuimsiú, lena n-áirítear daoine fásta a ghníomhaíonn i gcáil idirchaidrimh idir an tsaoráid chónaithe agus teaghlaigh daltaí/scoláirí cónaithe maidir le saoráidí cónaithe ar an láthair. Clúdaíonn sé fostaithe agus oibrithe deonacha, lena n-áirítear cumainn tuismitheoirí nuair a bhíonn siad ag obair sa tsaoráid chónaithe.

- a chinntiú go bhfuil ceannairí na ndaltaí/scoláirí soiléir faoi theorainneacha maidir le cosaint leanaí
- treoir iomchuí a chur san áireamh maidir le húsáid a n-údaráis
- a chinntiú go bhfuil ceannairí na ndaltaí/scoláirí ar an eolas faoi na céimeanna atá le glacadh i gcás sáruithe ar chód iompair na saoráide cónaithe ag daltaí/scoláirí eile nó ag baill foirne eile
- a chinntiú go bhfuil ceannairí daltaí/scoláirí eolach ar pholasaithe ábhartha scoile, lena n-áirítear Polasaí Cosaint agus Cumhdach Leanaí na scoile

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Ní mór don údarás bainistíochta a chinntiú go bhfuil:

- measúnú riosca curtha i gcrích chun a shainaithint cén áit a bhféadfadh leanbh nó duine óg a bheith i mbaol díobhála sa tsaoráid cónaithe
- ráiteas um Chumhdach Leanaí forbartha ina leagtar amach na polasaithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscaí atá aitheanta sa tsaoráid chónaithe a bhainistiú
- duine iomchuí ceaptha[4], atá ainmnithe go sonrach sa doiciméad cumhdaigh, mar an chéad phointe teagmhála i ndáil leis an ráiteas um chumdach leanaí
- an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit phoiblí in aice leis an bpríomhbhealach isteach chuig an tsaoráid chónaithe
- socruithe i bhfeidhm chun an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí/chaomhnóirí, d'fhoireann na saoráide cónaithe agus do bhaill foirne eile
- socruithe i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí go bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ar aon ní dá dtagraíonn an Ráiteas um Chumhdach Leanaí
- tacaíochtaí cuí amhail beartais maidir le frithbhulaíocht, cosaint leanaí, teagmhas criticiúil, cód iompair do dhaltaí/scoláirí cónaithe agus do cheannairí na ndaltaí/scoláirí (i gcás inarb infheidhme), agus ba cheart iad sin a úsáid chun tacú le folláine ghinearálta na ndaltaí/scoláirí cónaithe.

Ní mór nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag an údarás bainistíochta maidir leis na nithe seo a leanas:

[4]Is é an duine iomchuí an duine ar féidir leis nó léi faisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi ar forbraíodh an ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus go mbeidh sé nó sí in ann an ráiteas a sholáthar ach é a iarraidh. D'fhéadfaí sé/sí/ feidhmiú mar DIA freisin. Ba chóir an duine ábhartha a ainmniú go sainráite sa ráiteas um chumhdach leanaí.

- duine iomchuí a cheapadh chun bheith ina chéad phointe teagmhála maidir leis an ráiteas um chumhdach leanaí agus ba chóir go mbeadh ainm an duine sin agus a shonraí teagmhála liostaithe ar an ráiteas
- ábhair imní maidir le cosaint leanaí a thuairisciú, a léiríonn riachtanais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus na Treorach Náisiúnta um Thús Áite do Leanaí
- na leanaí agus na daoine óga, a dtuismitheoirí/ a gcaomhnóirí agus pearsanra na saoráide cónaithe a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta tuairiscithe seo
- líomhaintí i gcoinne fhoireann na saoráide cónaithe a bhainistiú
- pearsanra cuí a roghnú agus a earcú le bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga
- oiliúint a chur ar fáil do gach pearsanra maidir le mí-úsáid nó faillí leanaí agus daoine óga a aithint agus a thuairisciú
- liosta a choinneáil de dhaoine faoi shainordú atá ag obair laistigh den tsaoráid chónaithe (féach Aguisín 2)
- a chinntiú go bhfuil daoine faoi shainordú atá ag obair laistigh den scoil agus den tsaoráid chónaithe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí mar dhaoine faoi shainordú

Ceanglais bhreise:

- Ba cheart na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do dhaltaí/scoláirí cónaithe, chun meicníocht a chur san áireamh chun iad a tharchur láithreach chuig seirbhísí tacaíochta scoile amhail iad siúd a bhaineann le treoir, comhairleoireacht agus sláinte.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach dalta/scoláire conaithe chun caidreamh dearfach a chothú leis an bhfoireann. Ba cheart daltaí/scoláirí cónaithe a spreagadh chun a gcuid tuairimí maidir lena n-eispéireas cónaithe a chur in iúl.
- Ba cheart go mbeadh córas inrochtana ag an tsaoráid cónaithe chun ábhair imní a ardú maidir le cosaint agus cumdach leanaí.
- Ba chóir go mbeadh córas inrochtana i bhfeidhm ag an tsaoráid chónaithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí chun imní a ardú maidir le cosaint agus cumhdach leanaí agus go mbeadh nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun freagairt d'aon imní a ardaítear
- Ba cheart polasaí úsáide inghlactha TF a bheith i bhfeidhm ag an tsaoráid cónaithe a chuireann úsáid shábháilte na teicneolaíochta chun cinn laistigh den tsaoráid chónaithe agus lena n-áirítear coimircí iomchuí chun rioscaí ar líne do dhaltaí/scoláirí cónaithe a íoslaghdú

Tabhair faoi deara: Sa chás go bhfuil bord bainistíochta na scoile agus údarás bainistíochta na saoráide cónaithe neamhspleách ar a chéile, ba cheart an deis a thabhairt do gach ceann acu ionchur a bheith acu le linn an athbhreithnithe ar ráitis um chumhdach leanaí agus ar mheasúnuithe riosca a chéile agus ba chóir go mbeadh comhaontú scríofa acu maidir le comhroinnt sonraí chun na críche sin.

OILIÚINT

Ba chóir don údarás bainistíochta, ina ról ceannaireachta ar an tsaoráid chónaithe, a chinntiú go bhfuil an taithí is gá ag gach pearsanra agus ag gach ball den údarás bainistíochta ar na nósanna imeachta seo agus ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* chun cur ar a gcumas a bhfreagrachtaí iontu a chomhlíonadh. Ba chóir d'údarás bainistíochta na saoráide cónaithe a chinntiú go bhfuil gach ball foirne agus gach ball den údarás bainistíochta ar an eolas faoi na nósanna imeachta seo agus go dtugann siad faoi oiliúint atá ar fáil.

Moltar go gcríochnódh gach ball foirne modúl oiliúna Tusla ar ''Tús Áite do Leanaí''.

Tá gach duine freagrach as leanaí agus daoine óga a chosaint agus iad a choinneáil slán. Leagtar amach in *Tús áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* na céimeanna ba chóir a ghlacadh chun a chinntiú go gcosnaítear gach leanbh agus duine óg ar dhíobháil. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le tús áite do Leanaí ar shuíomh gréasáin Tusla trí chliceáil ar an nasc thíos.

https://www.tusla.ie/children-first/

DAOINE FAOI SHAINORDÚ

Cuireann an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 dualgas dlíthiúil ar dhaoine áirithe, lena n-áirítear múinteoirí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, go leor acu gairmithe, imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú ag tairseach shainithe nó os a chionn do Tusla — An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ní mór do na daoine faoi shainordú sin cúnamh a thabhairt do Tusla, arna iarraidh sin, ina mheasúnú ar imní faoi chosaint leanaí faoi leanaí a bhí ina n-ábhar tuarascála sainordaithe.

https://www.tusla.ie/children-first/mandated-persons/

Ba cheart do bhainistíocht na saoráide cónaithe liosta de na daoine faoi shainordú a choinneáil agus a chur ar fáil.

Tá gach duine freagrach as leanaí agus daoine óga a chosaint agus a ndícheall a dhéanamh chun iad a choinneáil sábháilte. Ní mór do bhaill foirne nach daoine faoi shainordú iad agus atá fostaithe i saoráidí cónaithe tabhairt faoin oiliúint a chuirtear ar fáil do gach pearsanra maidir le mí-úsáid nó faillí leanaí agus daoine óga a aithint agus a thuairisciú. Féach roinn 4.3 chun tuilleadh eolais a fháil.

ÁBHAR IMNÍ A THUAIRISCIÚ

Má bhaineann an t-ábhar imní go sonrach leis an tsaoráid chónaithe, ba chóir DIA na saoráide chónaithe a chur ar an eolas faoi, is cuma ar tháinig an t-ábhar imní ar aird an bhaill foirne sa scoil nó sa tsaoráid chónaithe. Má thuairiscítear an t-ábhar imní do DIA na scoile (i gcás nach é DIA na scoile é/í DIA na saoráide cónaithe), chomh maith le DIA na saoráide cónaithe a chur ar an eolas, ba chóir do DIA na scoile na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a

leanúint maidir le hábhair imní a thuairisciú. Má tá gá le tuairisc shainordaithe, féadfaidh DIA na scoile agus DIA na saoráide cónaithe an tuairisc seo a chur isteach i gcomhpháirt. Cinnteoidh sé seo go ndéanfaidh an DIA cuí gníomhartha leantacha, más gá.

Má bhaineann an imní go sonrach leis an scoil, is é DIA na scoile ar chóir é a chur ar an eolas, is cuma ar tháinig an t-ábhar imní ar aird an bhaill foirne sa scoil nó sa tsaoráid chónaithe. Má thuairiscítear an t-ábhar imní do DIA na saoráide cónaithe (i gcás nach é DIA na saoráide cónaithe é/í DIA na scoile), chomh maith le DIA na scoile a chur ar an eolas, ba chóir do DIA na saoráide cónaithe cloí leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* maidir le hábhair imní a thuairisciú. Má tá gá le tuairisc shainordaithe, féadfaidh DIA na scoile agus DIA na saoráide cónaithe an tuairisc seo a chur isteach i gcomhpháirt. Cinnteoidh sé seo go ndéanfaidh an DIA cuí gníomhartha leantacha, más gá.

Meabhraítear d'údaráis bhainistíochta go gcaithfidh an t-údarás bainistíochta forálacha na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a chomhlíonadh go hiomlán tar éis tuairisc a thabhairt do Tusla ar ábhar imní iad.

I gcás ina ndéantar líomhain mí-úsáide in aghaidh DIA na scoile nó na saoráide cónaithe, glacfaidh Cathaoirleach an údaráis bainistíochta iomchuí an ról a ghlacann an DIA air féin de ghnáth faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Má fhaigheann aon bhall de phearsanra saoráide cónaithe, bíodh duine faoi shainordú i gceist nó ná bíodh, líomhain nó má tá amhras air nó uirthi gur baineadh mí-úsáid as nó go ndearnadh faillí ar leanbh, go bhfuil mí-úsáid á baint as leanbh nó faillí á déanamh air nó uirthi, nó go bhfuil sé nó sí i mbaol mí-úsáide nó faillí (mar a thuairiscítear i gcaibidil 2 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna*), tabharfaidh sé nó sí tuairisc gan mhoill don DIA ábhartha, atá freagrach as a chinntiú go leantar na nósanna imeachta tuairiscithe i gcaibidil 5 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* Ina theannta sin, ní mór do mhúinteoirí cláraithe, mar dhaoine faoi shainordú, na nósanna imeachta in alt 5.2 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* a leanúint. Déanfaidh an DIA ábhartha taifead i scríbhinn ar aon ábhar imní a chuirfidh ball foirne scoile nó saoráide cónaithe ar a shúile nó ar a haire agus cuirfidh sé nó sí an taifead sin in áit dhaingean. Ní mór do gach pearsanra scoile agus saoráide cónaithe aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le rúndacht i gcónaí, dá dtagraítear in alt 1.3.11 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*. I gcásanna ina bhféadfadh riosca leanúnach a bheith ann do shábháilteacht an dalta/scoláire cónaithe/ na ndaltaí/scoláirí cónaithe, ba cheart don údarás bainistíochta bearta iomchuí a dhéanamh chun a sábháilteacht a áirithiú.

RIALACHAS AGUS GRINNFHIOSRÚCHÁN

Ní mór d'údarás bainistíochta na saoráide cónaithe a bheith in ann dearbhú a sholáthar go bhfuil:

- gach ball d'údarás bainistíochta na saoráide cónaithe ar an eolas faoina fhreagrachtaí grinnfhiosrúcháin i ndáil le pearsanra uile na saoráide
- a chuid freagrachtaí grinnfhiosrúcháin comhlíonta ag gach ball d'údarás bainistíochta na saoráide cónaithe maidir le pearsanra uile na saoráide
- gach ball d'údarás bainistíochta na saoráide cónaithe ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir leis an gceanglas cloí leis na nósanna imeachta maidir le caomhnú leanaí do scoileanna.

FORMHAOIRSIÚ

- Tiocfaidh údarás bainistíochta na saoráide cónaithe le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh an téarma. Ba chóir Tuairisc Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí don tsaoráid chónaithe a chur i láthair ag gach cruinniú den údarás bainistíochta.
- Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar riachtanais maidir le tuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí (tuairisc) a chur i láthair don údarás bainistíochta, ag brath ar an struchtúr bainistíochta atá ann sa scoil/sa tsaoráid chónaithe.

Tábla 2: Ceanglais maidir le cur i láthair na Tuairisce

	Bainistíocht aonair[5]		Bainistíocht ar leithligh[6]	
	DIA amháin	Beirt DIA	DIA amháin	Beirt DIA
Riachtanais maidir leis an tuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí	Dhá thuairisc, ceann amháin don scoil agus ceann eile don tsaoráid chónaithe*	tuairiscí ar leith le cur faoi bhráid an údaráis bainistíochta ag gach DIA	Cuireann an DIA tuairisc ar leith faoi bhráid gach údaráis bainistíochta	Cuireann gach DIA tuairisc i láthair a n-údarás bainistíochta faoi seach

* I gcás aon DIA amháin atá ag tuairisciú do bhord bainistíochta amháin, tá sé de rogha ag an mbord cinneadh a dhéanamh an leor Tuairisc Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí amháin, a chlúdaíonn an scoil agus an tsaoráid chónaithe araon.

Ba cheart socruithe maoirseachta a bheith i gcomhréir le Caibidil 9 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).*

[5] Déanann bord bainistíochta aonair maoirseacht ar an scoil agus ar an tsaoráid chónaithe

[6] Bord Bainistíochta ag an scoil agus údarás bainistíochta ar leith don tsaoráid chónaithe

Ba cheart do na DIAnna cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt maidir le cibé acu a dhéanann bord bainistíochta na scoile nó údarás bainistíochta na saoráide cónaithe maoirseacht ar an ábhar imní i gcás ina bhfuil imní curtha faoi bhráid Tusla go comhpháirteach (féach alt 4.3).

Cigireachtaí a dhéanann Cigireacht na Roinne Oideachais

Áireoidh Cigireacht na Roinne Oideachais saoráidí cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta mar chuid dá clár cigireachta i scoileanna aitheanta.

Táthar ag súil go n-áireofar sna cigireachtaí seo seiceálacha ar chosaint leanaí sa tsaoráid chónaithe ag an leibhéal cuí don tsamhail chigireachta atá i gceist sa scoil (mar shampla, seiceálacha leibhéal a haon le haghaidh Cigireacht Teagmhasach nó cigireachtaí ábhair, leibhéal a dó le haghaidh MSU-BCF nó leibhéal trí le haghaidh Cigireacht um Chosaint agus Chumhdach Leanaí). Tá tuilleadh eolais ar fáil sa doiciméad seo a leanas (Aguisín 2): Treoir maidir le cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanai í Saoráidí Cónaithe atá bainteach le Scoileanna Aitheanta

Aguisín 1: Seicliosta dearbhaithe cáilíochta chun tacú le socruithe um chosaint agus um chumdach leanaí i saoráidí cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta

An bhfuil an scoil agus/nó údarás bainistíochta na saoráide cónaithe tar éis an méid seo a leanas a mheas:

Ag maireachtáil as baile:

An luaitear go soiléir sa mheasúnú riosca um chosaint leanaí go bhfuil cóiríocht á cur ar fáil i gcás ina bhfuil daltaí/scoláirí ar shiúl ó thuismitheoirí agus ón teaghlach agus an baol go bhféadfadh cosaint leanaí a bheith i gceist leis sin?

An bhfuil measúnú déanta ar na rioscaí a bhaineann le daltaí/scoláirí óga a bheith i gcuideachta neamh-mhaoirsithe daltaí/scoláirí cónaithe níos sine? An bhfuil sé ráite go soiléir conas a bhainistíonn an scoil é seo? D'fhéadfadh sé seo a bheith mar chuid de nósanna imeachta frithbhulaíochta na scoile, cód iompair nó polasaí ar leith do dhaltaí/scoláirí cónaithe.

Tá baol ann go dtarlóidh comhbhulaíocht daltaí/scoláirí nua, lena n-áirítear aon ghníomhaíocht a mbeifí ag súil léi ó dhuine a dhéanann uirísliú, díghrádú nó baol do dhíobháil mhothúchánach agus/nó fhisiciúil, beag beann ar thoilteanas an duine páirt a ghlacadh. Tugtar "gníomhaíochtaí tionscnaimh" orthu sin uaireanta. An léirítear an riosca sin i measúnú riosca na saoráide cónaithe agus an leagtar amach ann conas a mhaolaíonn sé na rioscaí agus conas a d'fhreagródh an bord bainistíochta/údarás cónaithe do theagmhais den sórt sin, dá dtarlódh siad?

An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun tacú le daltaí/scoláirí le linn tréimhsí leochaileachta mothúchánacha? An bhfuil próisis ann chun aird a thabhairt ar an bhféidearthacht go bhféadfadh daltaí/scoláirí den sórt sin ceangal míchuí a dhéanamh le daoine fásta nó le daoine óga mar gheall ar na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le maireachtáil amach ón mbaile?

An bhfuil clár ionduchtúcháin ag an scoil agus/nó ag an údarás bainistíochta do dhaltaí/scoláirí cónaithe nua/in aghaidh na bliana do gach dalta/scoláire cónaithe, áit a dtugtar an t-eolas ábhartha dóibh agus áit a bhfuil ionchais shoiléire leagtha amach?

An bhfuil clár oiliúna ag an scoil agus/nó ag an údarás bainistíochta do mheantóirí nó do cheannairí na ndaltaí?

Deireadh seachtaine agus/nó sosanna téarma:

Ar thug an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta faoi deara má tá tuismitheoirí ag daltaí/scoláirí cónaithe ar bith nach bhfuil cónaí orthu sa dlínse agus ar chuir siad an méid sin san áireamh ina nósanna imeachta? Mar shampla, i gcás leanaí nach bhfilleann abhaile le linn deireadh seachtaine/sosanna téarma (i.e. a scaoileadh saor faoi chúram duine

seachas cúram tuismitheora nó caomhnóra), an bhfuil socruithe i bhfeidhm chun toiliú agus freagracht iomchuí a áirithiú; i gcás ina gceadaíonn saoráidí cónaithe do dhaltaí/ scoláirí cónaithe fanacht thar dheireadh seachtaine/ thar shosanna téarma, an gcuirtear é seo san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca agus i nósanna imeachta maidir le saoráid chónaithe?

Más dalta/scoláire idirnáisiúnta aon dalta/scoláire , conas a chinntíonn an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta go bhfuil an scoil íogair do cheisteanna cultúrtha agus teanga? An bhfuil deiseanna ag daltaí/scoláirí den sórt sin labhairt faoina n-eispéiris?

Rannpháirtíocht na nDaltaí/Scoláirí:

An bhfuil próiseas rannpháirtíochta daltaí/scoláirí ag an scoil agus/nó ag an údarás bainistíochta trínar féidir le daltaí/scoláirí a dtaithí ar bheith as baile a phlé?

An bhfuil scoláirí/daltaí cónaithe bainteach le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ar an Measúnú Riosca? An bhfuil deis ag scoláirí/ag daltaí cónaithe páirt fhónta a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm nósanna imeachta agus próiseas do dhaltaí cónaithe? An luaitear iad seo i measúnú riosca na scoile/na saoráide cónaithe?

Substaintí:

Conas a bhainistíonn an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta cosc ar rochtain ar alcól nó ar shubstaintí neamhdhleathacha nó díobhálacha do dhaltaí/scoláirí?

Bulaíocht/ Iompar Drochídeach/míchuí agus sábháilteacht ar líne:

An ndearnadh measúnú ar an mbaol a bhaineann le bulaíocht/iompar drochídeach/míchuí, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le daoine óga agus iad san déaga agus ina dhiaidh sin? An bhfuil breithniú déanta ag an scoil agus/nó ag an údarás bainistíochta ar conas a dhéileálfaí le teagmhais a d'fhéadfadh tarlú?

Ar tugadh aird ar shábháilteacht ar líne agus ar na rioscaí sonracha a bhaineann le comhthéacs cónaithe?

Caidreamh idirphearsanta:

An bhfuil tacaíocht agus treoir curtha ar fáil ag an scoil agus/nó ag an údarás bainistíochta do dhaltaí/scoláirí maidir le caidrimh idirphearsanta ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag daltaí/scoláirí ar theorainneacha cuí?

Ráiteas um Chumhdach Leanaí nach mór Measúnú Riosca a bheith san áireamh ann:

- An luaitear **go sainráite** sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus sa mheasúnú riosca go bhfeidhmíonn an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta saoráidí cónaithe?
- Ar chuir an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta an nóta ar theimpléad éigeantach na Roinne san áireamh, ina luaitear:

"**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh Boird Bhainistíochta aonair sa chuid seo freisin na nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist."

- Ar chinntigh an scoil agus/nó an t-údarás bainistíochta go bhfuil na nósanna imeachta a cheanglaítear leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 sonraithe sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí, eadhon:
    - Nósanna imeachta i ndáil le haon chomhalta den fhoireann is ábhar d'aon imscrúdú (cibé tuairisc atá air nó uirthi) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i leith linbh atá ag freastal ar an scoil
    - Nósanna imeachta maidir le foireann a roghnú nó a earcú go sábháilte agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí
    - Nósanna imeachta chun foráil a dhéanamh maidir le faisnéis faoi chosaint leanaí agus riachtanais oiliúna na foirne
    - Nós imeachta maidir le hábhair imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Tusla
    - Nós imeachta chun liosta a choinneáil de **dhaoine faoi shainordú** (saoráidí cónaithe, go háirithe, d'fhéadfadh go mbeadh foireann altranais, foireann cúraim shóisialta, síceolaí nó comhairleoir scoile ann nach múinteoirí iad. D'fhéadfadh an nasc seo a bheith úsáideach chun liosta iomlán de na daoine faoi shainordú a thiomsú https://www.tusla.ie/children-first/mandated-persons/am-i-a-mandated-person/
    - An nós imeachta chun duine **iomchuí** a cheapadh. Is é an duine iomchuí an duine ar féidir leis nó léi faisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi ar forbraíodh an ráiteas maidir le cumhdach leanaí agus go mbeidh sé nó sí in ann an ráiteas a sholáthar ach é nó í a iarraidh. D'fhéadfaí sé/sí/ed feidhmiú mar DIA freisin. D'fhéadfadh sé cabhrú ar mhaithe le soiléireacht má ainmnítear an duine iomchuí agus an DIA araon go sainráite sa Ráiteas um Chumdach Leanaí.

Aguisín 2: Nóta comhairle eatramhach a eisítear do phríomhoidí scoileanna aitheanta a bhfuil saoráidí cónaithe bainteacha acu

A Phríomhoide, a chara,

Mar is eol duit, tar éis cruinniú a reáchtáil an Roinn Oideachais agus na comhlachtaí bainistíochta scoile ní ba luaithe i mbliana, bunaíodh Grúpa Oibre Teicniúil chun treoir bhreise maidir le cosaint leanaí a dhréachtú do scoileanna atá ag feidhmiú saoráidí cónaithe. Beidh torthaí an ghrúpa oibre seo mar bhonn eolais ina dhiaidh sin d'obair grúpa comhairliúcháin níos leithne a mbeidh ionadaíocht aige ó réimse comhpháirtithe oideachais. Tá sé beartaithe go n-aontóidh an grúpa comhairleach seo, le linn 2023, ar threoir bhreise maidir le cosaint leanaí a chuirfidh bonn eolais faoin gcaoi is fearr is féidir le scoileanna a bhfuil saoráidí cónaithe acu ceanglais an *Achta um Thús Áite do Leanaí 2015* a chomhlíonadh.

Le linn na céime forbartha tosaigh seo, d'oibrigh an grúpa oibre teicniúil go dlúth le Tusla chun a chinntiú gur féidir leis na dréacht-treoirlínte tacú le bainistiú na saoráidí cónaithe maidir le cosaint leanaí. Ag eascairt as plé le Tusla, mheas an grúpa oibre go mbeadh sé ina thacaíocht do scoileanna a bhfuil saoráidí cónaithe acu roinnt comhairle tosaigh ó Tusla a chur in iúl do gach scoil a bhfuil saoráidí cónaithe acu. Baineann an chomhairle seo le príomhghnéithe an Ráitis um Chumhdach Leanaí agus an Mheasúnaithe Riosca. Agus an chomhairle seo á cur in iúl againn anois, is féidir linn a chinntiú i dteannta a chéile go bhfuil gach scoil aitheanta a bhfuil saoráidí cónaithe acu níos eolaí maidir le cuid de na freagrachtaí níos saincheaptha atá orthu maidir le cosaint leanaí.

Tagraíonn an chomhairle thíos do thrí ghné den Ráiteas um Chumhdach Leanaí:

1. An gá atá ann a shonrú go sainráite, ag tús an Ráitis um Chumhdach Leanaí, go bhfuil saoráid chónaithe i bhfeidhm ag an scoil
2. Ceanglas go n-ainmneofaí an duine iomchuí go sainráite ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí
3. Go gcoinneoidh bainistíocht na saoráide cónaithe liosta de na daoine de gach duine faoi shainordú atá ag obair sa tsaoráid chónaithe

1. Tagairt shainráite do shaoráidí cónaithe mar chuid den Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Tá sé curtha in iúl ag Tusla gur cheart do scoileanna a bhfuil saoráidí cónaithe acu a gcomhthéacs cónaithe a lua go sainráite mar chuid den rannán tosaigh dá Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Anseo thíos feicfidh tú seat scáileáin de Theimpléad Éigeantach 1: Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca, ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

Teimpléad Éigeantach 1 : Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is bunscoil/scoil speisialta/iar-bhunscoil í [cuir isteach ainm na scoile] a sholáthraíonn oideachas bunscoile/iar-bhunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé/ó Bhliain a haon go Bliain na hArdteistiméireachta (scrios de réir mar is cuí).

2. Ainmniú an duine iomchuí i Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Sainmhíníonn *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* an duine iomchuí mar 'duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha le bheith ar an gcéad phointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí an tsoláthraí'. Faoi láthair, deir Teimpléad Éigeantach 1 gurb é an DIA an duine iomchuí. Cé gur dócha gurb é seo an cás i gcónaí in aon scoil ar leith, tá sé curtha in iúl ag Tusla go n-ainmnítear an duine iomchuí go díreach, seachas an cur chuige indíreach reatha (féach thíos) ina sonraíonn sé gurb é an DIA an duine iomchuí.

Cuimsíonn Teimpléad Éigeantach 1 an méid seo a leanas...

2 Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

Agus léann pointe urchair 5 faoi phointe 5...

- Sa scoil seo tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

3. Liosta de na daoine faoi shainordú a choinneáil

Faoi láthair, deir Teimpléad Éigeantach 1 an méid seo a leanas:

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Is é comhairle Tusla gur dócha, i saoráid chónaithe, go mbeidh daoine faoi shainordú ag obair le leanaí nach múinteoirí iad. D'fhéadfaí a áireamh ar na daoine faoi shainordú sin, mar shampla, oibrithe cúraim shóisialta, altraí cláraithe, baill den chléir nó daoine eile atá liostaithe anseo. Is é comhairle Tusla go gcoinneofar liosta de dhaoine faoi shainordú i ngach saoráid chónaithe agus go ndéanfar tagairt don liosta seo sa Ráiteas um Chosaint Leanaí.

Tá sé i gceist ag an Roinn athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár dteimpléid um chosaint leanaí agus ar ár nótaí treorach nuair a bheidh an treoir bhreise do scoileanna a bhfuil saoráidí cónaithe acu tugtha chun críche agus foilsithe. Idir an dá linn, iarraimid ort an chomhairle thuasluaite a chur san áireamh.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair leat agus an treoir um chosaint leanaí le haghaidh scoileanna a bhfuil saoráidí cónaithe acu á forbairt againn.

Le dea-ghuí,

Judith Lyons

Príomhoifigeach, An tAonad um Thuismitheoirí agus Fhoghlaimeoirí

An Roinn Oideachais